# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Na Clasaicaí

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Scéim Marcála: Na Clasaicaí - Sraith Shóisearach 2022

**Ceist 1: 20 marc (4x5).** Chúig mharc an ceann.

<table>
<tr><td colspan="2">Ainm an dé / an bhandé: Séas (Gréagach), Iúpatar (Rómhánach)</td></tr>
<tr><td colspan="2">dia an/na ... Ex. 2</td></tr>
<tr><td>2 mharc</td><td>Glac le haon fhreagra cruinn, amhail:<br>- dia na spéire/toirneach/tintreach<br>- rí na ndéithe/Sl. Oilimpeas</td></tr>
<tr><td>1 mharc</td><td>Focal aonair, i.e. ‘rí’ nó ‘déithe’</td></tr>
<tr><td>0 marc</td><td>Easnamh nó mícheart</td></tr>
<tr><td colspan="2">Nóta gairid Sampla 3</td></tr>
<tr><td>3 mharc</td><td>Trí phointe éagsúla, amhail:<br>- mionsaothrú/leathnú ar an bhfreagra do ‘dhia an/na’<br>- aon ról (róil) eile ón liosta thuas<br>- nasc teaghlaigh (m.sh. fear céile Iúnó, deartháir Poiséadóin)<br>- nóiméad as miotas (m.sh. athair a mharú, mídhílseacht)<br>- siombail ghaolmhar (m.sh. iolar, caor thine)<br>- léirithe go coitianta mar fhear níos sine a bhfuil féasóg air<br>- féile nó láthair bheannaithe ghaolmhar (m.sh. Cluichí Oilimpeacha)</td></tr>
<tr><td>2 mharc</td><td>Dhá phointe dhifriúla nó pointe amháin ar cuireadh leis.</td></tr>
<tr><td>1 mharc</td><td>Focal amháin ach freagra cruinn</td></tr>
<tr><td>0 marc</td><td>Easnamh nó mícheart</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td colspan="2">Ainm an dé / an bhandé: Poiséadón (Gréagach), Neiptiún (Rómhánach)</td></tr>
<tr><td colspan="2">dia an/na ... Ex. 2</td></tr>
<tr><td>2 mharc</td><td>Glac le haon fhreagra cruinn, amhail:<br>- dia na farraige (nó comhchiallaigh) /capall/creathanna talún</td></tr>
<tr><td>0 marc</td><td>Easnamh nó mícheart</td></tr>
<tr><td colspan="2">Nóta Gairid Ex. 3</td></tr>
<tr><td>3 mharc</td><td>Trí phointe éagsúla, amhail:<br>- mionsaothrú/leathnú ar an bhfreagra do ‘dhia an/na’<br>- aon ról (róil) eile ón liosta thuas<br>- nasc teaghlaigh (m.sh. deartháir Shéas, athair Pholaiféamas)<br>- nóiméad as miotas (e.g comórtas le Athena)<br>- siombail ghaolmhar (m.sh. trírinn, tarbh)<br>- léirithe go coitianta mar fhear níos sine a bhfuil féasóg air<br>- féile nó láthair bheannaithe ghaolmhar (m.sh. Teampall ag Sounion)</td></tr>
<tr><td>2 mharc</td><td>Dhá phointe dhifriúla nó pointe amháin ar cuireadh leis.</td></tr>
<tr><td>1 mharc</td><td>Focal amháin ach freagra cruinn</td></tr>
<tr><td>0 marc</td><td>Easnamh nó mícheart</td></tr>
</table>

# Scéim Marcála: Na Clasaicí - Sraith Shóisearach 2022

| | |
|---|---|
| Ainm an dé / an bhandé: Afradíté (Gréagach), Véineas (Rómhánach) | |
| bandia an/na...**Sampla 2** | |
| 2 mharc | Glac le haon fhreagra cruinn, amhail:<br>- bandia an ghrá/an ghnéis/an drúis/na háilleachta/na méine/na torthúlachta |
| 0 marc | Easnamh nó mícheart |
| Nóta Gairid **Ex. 3** | |
| 3 mharc | **Trí** phointe éagsúla, amhail:<br>- mionsaothrú/leathnú ar an bhfreagra do 'bhandia an/na'<br>- aon ról (róil) **eile** ón liosta thuas<br>- nasc teaghlaigh (m.sh. máthair Aeinéas, bean chéile Héafaestas)<br>- nóiméad as miotas (m.sh. Breithiúnas Pháras)<br>- léirítear í go coitianta mar bhean nocht álainn<br>- féile nó láthair bheannaithe ghaolmhar (m.sh. an Chipir) |
| 2 mharc | **Dhá** phointe dhifriúla nó pointe **amháin** ar cuireadh leis. |
| 1 mharc | Focal amháin ach freagra cruinn |
| 0 marc | Easnamh nó mícheart |

| | |
|---|---|
| Ainm an dé / an bhandé: Héafaestas (Gréagach), Bolcán (Rómhánach) | |
| dia an/na ... **Ex. 2** | |
| 2 mharc | Glac le haon fhreagra cruinn, amhail:<br>- dia na ceárta/na mbolcán/na miotalóireachta/<br>- Gabha dubh/déantóir arm do na déithe |
| 1 mharc | Focal aonair, i.e. 'gabha dubh' |
| 0 marc | Easnamh nó mícheart |
| Nóta Gairid **Ex. 3** | |
| 3 mharc | **Trí** phointe éagsúla, amhail:<br>- mionsaothrú/leathnú ar an bhfreagra do 'dhia an/na'<br>- aon ról (róil) **eile** ón liosta thuas<br>- nasc teaghlaigh (m.sh. fear céile Afradíté)<br>- nóiméad as miotas (m.sh. cathéide a rinneadh d'Aichill)<br>- siombail ghaolmhar (m.sh. inneoin)<br>- léirítear é go coitianta mar bheith bacach<br>- féile nó láthair bheannaithe ghaolmhar (m.sh. Teampall in Agora san Aithint) |
| 2 mharc | **Dhá** phointe dhifriúla nó pointe **amháin** ar cuireadh leis. |
| 1 mharc | Focal amháin ach freagra cruinn |
| 0 marc | Easnamh nó mícheart |

# Scéim Marcála: Na Clasaicaí - Sraith Shóisearach 2022

**Ceist 2: 20 marc (5 x 4).** Ceithre mharc as gach meaitseáil cheart.

Sainmhíniú: Rud míthaitneamhach ar crocadh os do chionn
Nath cainte: **claíomh Damocles**

Sainmhíniú: Ball lag i nduine
Nath cainte: **éasc Aichill**

Sainmhíniú: Jab fíordheacair
Nath cainte: **tasc Earcalach**

Sainmhíniú: Rud a d'fhéadfadh trioblóid a tharraingt
Nath cainte: **bosca Phandóra**

Sainmhíniú: Má bhíonn seo ag duine, beidh rath ar gach a ndéanann siad
Nath cainte: **méar Mhidas**

- Ná glac le haon iarracht freagra eile a thabhairt.
- Nuair a thugtar an freagra céanna arís, ná glac ach leis an leagan ceart.

**Ceist 3: 49 marc.**

| (a) Cá háit a raibh an Lomra Órga? **Ex. 5** | |
|---|---|
| 5 mharc | I gColgas ar an Muir Dhubh |
| 3 mharc | Colgas/ an Mhuir Dhubh |
| 0 marc | gan aon iarracht déanta/freagra mícheart |

| (b) Cén fáth a ndearna Iasón iarracht an Lomra Órga a thabhairt ar ais? **Ex. 5** | |
|---|---|
| 5 mharc | Chun a ríchathaoir a fháil ar ais ó Pelias/a uncail<br>**NÓ** rinne Pelias margadh an ríchathaoir a thabhairt d'Iasón dá bhfaigheadh sé an Lomra Órga |
| 4 mharc | Chun an ríchathaoir a fháil ar ais; **NÓ** rinne sé margadh le Pelias |
| 3 mharc | Mar go raibh Pelias ag iarraidh é a mharú; **NÓ** chun díoltas a imirt ar a athair |
| 1 mharc | Bhí sé gaisciúil (nó aon iarracht bhailí eile) |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta/freagra mícheart |

| (c) Cén fáth ar roghnaigh Iasón baill criú ar nós Earcail agus Oirféas don mhisean contúirteach, dar leat? **Ex. 5** | |
|---|---|
| 1 mharc in aghaidh an phointe suas le 5 mharc ar a mhéad | Ábhar Táscach<br>- Ba laochra iad/ bhí láidreachtaí/buanna/cumais ar leith acu<br>- Bheadh siad úsáideach/Bhí cúnamh de dhíth air uathu<br>- Ar an turas contúirteach/Chun an Lomra Órga a fháil<br>- Gaiscí roimhe seo a rinne Earcail a lua (m.sh. beithígh a mharú)<br>- Earcail ag cur na 12 shaothar i gcrích<br>- D'fhéadfadh Oirféas beithígh/an nathair a chur ina gcodladh<br>- Bhí sé ag iarraidh bheith cosúil leosan/ cheap sé go raibh sé cosúil leo<br>- Bhí sé ag iarraidh criú a chur le chéile ag a raibh buanna éagsúla |
| 0 marc | gan aon iarracht déanta/freagra mícheart |

| (d) Cén tasc a bhí le déanamh ag Iasón sula dtaispeánfadh Aidhéitéas dó cén áit a raibh an Lomra Órga? **Ex. 5** | |
|---|---|
| 5 mharc | Páirc a threabhadh ina raibh tairbh a shéideann tine **agus** an talamh a shíolú le fiacla dragain. |
| 3 mharc | Páirc a threabhadh ina raibh tairbh a shéideann tine **nó** an talamh a shíolú le fiacla dragain. |
| 0 marc | gan aon iarracht déanta/freagra mícheart |

| (e) Déan staidéar ar an íomhá thíos. Cén chuid den mhiotas a léirítear inti, dar leat? Mínigh do fhreagra. **Ex. 5** | |
|---|---|
| 5 mharc | Aithint **agus** míniú iomlán:<br>Aithint/Tagairt don íomhá:<br>- Méidé (ar chlé)<br>- Nathair agus Lomra Órga (sa lár)<br>- Iasón (ar dheis)<br>Míniúchán:<br>- Tugann Méidé nimh don nathair chun go dtitfidh an nathair ina chodladh<br>- Beireann Iasón greim ar an Lomra Órga |
| 3 mharc | • Míniú iomlán gan an íomhá a shainaithint na tagairt a dhéanamh don íomhá.<br>**NÓ**<br>• Sainaithnítear **trí** cinn de Mhéidé/Iasón/an Lomra Órga/nathair<br>**NÓ**<br>• Sainaithnítear **dhá** cheann de Mhéidé/Iasón/an Lomra Órga/ nathair **agus** tugtar páirtmhíniú |
| 2 mharc | • Sainaithnítear **dhá** cheann de Mhéidé/Iasón/an Lomra Órga/nathair **NÓ** tugtar páirtmhíniú |

| | |
|---|---|
| 1 mharc | Sainaithnítear ceann **amháin** de Mhéidé/Iasón/an Lomra Órga/nathair |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta/níor sainaithníodh aon mhír cheart |

(f) Cuir síos ar nóiméad as miotas Gréagach nó Rómhánach eile a bhfuil staidéar déanta agat air ina gcabhraíonn dia / bandia le carachtar daonna nó ina gcuireann sé / sí pionós air / uirthi. **Ex. 8**

Ní mór d'iarrthóirí sampla ábhartha a roghnú. Bronnfar marcanna ar scála sleamhnáin ag brath ar cé chomh cuimsitheach agus atá an freagra. Déanfar an cur síos iomlán sna freagraí is fearr ar an nóiméad ábhartha, agus léireofar eolas/anailís ar an sampla sin agus ar na carachtair lena mbaineann.

| | |
|---|---|
| 8 marc | • Ainmnítear an dia/bandia agus an duine i gceart<br>• Sonraítear go soiléir cé acu cúnamh nó pionós é<br>• <u>Cur síos mionsonraithe</u> ar an nóiméad ábhartha<br>• Cuirtear an nóiméad seo ina mhiotas i gcomhthéacs<br>**Nó** Léirítear eolas/ tugtar anailís ar an toradh do charachtair |
| 5 mharc | • Ainmnítear an dia/bandia **nó** an duine i gceart<br>• Tugann an freagra le tuiscint gur cúnamh nó pionós a bhí ann<br>• <u>Achoimre chruinn</u> ar an nóiméad ábhartha |
| 3 mharc | • Ainmnítear an dia/bandia **nó** an duine i gceart<br>• Léirítear eolas teoranta ar nóiméad ábhartha **nó** ar mhiotas ábhartha **nó** ar an toradh ábhartha do na carachtair<br>• <u>Ní</u> shonraítear cé acu cúnamh nó pionós é |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta |

(g) An dóigh leat go bhfaigheann na carachtair bhaineanna sna miotais an chreidiúint atá ag dul dóibh nuair a chabhraíonn siad le laochra fireanna a dtascanna a chríochnú? Féadfaidh tú tagairt i do fhreagra do mhiotas Iasóin agus an Lomra Órga agus / nó do mhiotais eile. **Ex. 16**

Ní mór d'iarrthóirí sampla ábhartha a roghnú. Bronnfar marcanna ar scála sleamhnáin ag brath ar cé chomh cuimsitheach agus atá freagra an iarrthóra. Sna freagraí is fearr roghnófar miotais an-ábhartha mar shamplaí, léireofar eolas faoin miotas agus tabharfar anailís ar charachtair agus ar róil inscne.

| | |
|---|---|
| 16 marc: | • Tá an laoch agus an carachtar baineann ainmnithe i gceart **(duine daonna nó bandia)**<br>• Tugtar tuairim shoiléir faoi cé acu an bhfaigheann an carachtar baineann creidiúint (tá *faigheann, ní bhfaigheann, idir dhá chomhairle* inghlactha má thugtar tacaíocht chuí dó)<br>• <u>Déantar meastóireacht agus mínítear</u> an fáth a bhfuil creidiúint tuillte ag carachtar baineann tríd an méid seo a leanas a áireamh:<br>  o **Dhá** shampla ar a laghad ó mhiotas (ó mhiotais) ábhartha<br>  o <u>Achoimre an-mhionsonraithe</u> ar an gcúnamh a tugadh |

| | |
|---|---|
| | ○ Comhthéacs don chúnamh a tugadh sa mhiotas níos leithne<br>○ Eolas ar thoradh/creidmheas don charachtar baineann |
| 8 marc | • Tá an laoch agus carachtar baineann ainmnithe i gceart<br>• Tugtar tuairim shoiléir faoi cé acu an bhfaigheann nó nach bhfaigheann an carachtar baineann creidmheas<br>• Mínítear an fáth a bhfuil creidiúint tuillte ag an gcarachtar baineann tríd an méid seo a leanas a áireamh:<br>○ Sampla **amháin** ar a laghad ó mhiotas ábhartha<br>○ <u>Cuntas cruinn agus mionsonraithe</u> ar an gcúnamh a tugadh<br>○ Comhthéacs don chúnamh a tugadh sa mhiotas níos leithne<br>○ **Nó** Eolas ar thoradh/creidmheas don charachtar baineann<br>**NÓ**<br>○ **Dhá** shampla ar a laghad ó mhiotas (ó mhiotais) ábhartha<br>○ <u>Cur síos cruinn</u> ar an gcúnamh a tugadh<br>○ Comhthéacs don chúnamh a tugadh sa mhiotas níos leithne<br>○ **Nó** Eolas ar thoradh/creidmheas don charachtar baineann |
| 7 marc | • Tugtar míniú comhleanúnach ach ginearálaithe ar róil na hinscne sa mhiotaseolaíocht/sochaí na Sean-Ghréige gan samplaí ó mhiotais ar leith a thabhairt. |
| 5 mharc | • Sainaithnítear an laoch **nó** an bhean i gceart<br>• **Ní** phléitear cé acu an bhfaigheann nó nach bhfaigheann an bhean creidmheas<br>• <u>Breac-chuntas cruinn</u> ar mhiotas ábhartha ina dtugtar cúnamh<br>**NÓ**<br>• Léirítear ar tugadh creidmheas don bhean nó nár tugadh<br>• Ní insítear miotas go mion |
| 3 mharc | • Sainaithnítear an laoch **nó** an bhean i gceart<br>• Luaitear miotas ina dtugtar cúnamh **nó** pléitear cé acu an dtugtar creidiúint don bhean nó nach dtugtar le <u>cruinneas páirteach.</u> |
| 0 marc | • Gan aon iarracht déanta |

**Ceist 4: 15 mharc (3 x 5).** Chúig mharc an ceann.

Úsáid ceann amháin de na híomhánna thíos, agus déan cur síos ar thrí dhifríocht idir teach tipiciúil san Aithin ársa (A) nó sa Róimh (B) agus teach teaghlaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann.

| Difríocht **Sampla 5** | |
|---|---|
| 5 mharc | • Luaitear go soiléir fíric faoi theach Rómhánach nó faoi theach Gréagach, ag baint úsáid as <u>téarmaí</u> i mBéarla/Gaeilge, Laidin nó Gréigis<br>• Comparáid déanta le teach nua-aimseartha<br>• Áirítear leis seo cur síos/ sonra breise chun tacú leis an bhfíric faoi theach Rómhánach/Gréagach **nó** faoin gcomparáid le teach nua-aimseartha |

| | |
|---|---|
| 3 mharc | • Pléitear tithíocht ársa go ginearálta **nó** déantar pointe an-bhunúsach.<br>• Comparáid déanta le teach nua-aimseartha<br>**NÓ**<br>• Luaitear go soiléir fíric faoi theach Rómhánach nó faoi theach Gréagach, ag baint úsáid as téarmaí i mBéarla/Gaeilge, Laidin nó Gréigis<br>• Áirítear leis seo cur síos/ sonra breise faoinbhfíric faoi theach Rómhánach/Gréagach.<br>• Ní dhéantar comparáid nua-aimseartha |
| 2 mharc | • Ráiteas faoi theach Rómhánach nó faoi theach Gréagach, ag baint úsáid as téarmaí i mBéarla/Gaeilge, Laidin nó Gréigis **le mionearráidí**<br>• Ní dhéantar comparáid nua-aimseartha<br>**NÓ**<br>• Ráiteas faoi theach nua-aimseartha ach **gan** tagairt ar bith do phointí sonracha a bhaineann le tithíocht ársa |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta / iarracht atá mícheart ó thaobh fíricí |

**Ceist 5: 15 mharc (5x3).** Trí mharc gach ceist

| (a) I Sliocht A cén fhianaise a chuireann i gcéill go raibh an slua flosctha ag tús rás na gcarbad? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | • Achoimre ar an téacs/lua den téacs a bhaineann le spleodar an tslua<br>• Ní theastaíonn ach píosa **amháin** fianaise. |
| 1 mharc | • Pléitear an bonntuisicnt go raibh an slua flosctha ach ní ghlactar an fhianaise ón téacs, ag brath ar réamheolas ina ionad sin |
| 0 marc | • Deirtear nach bhfuil aon fhianaise ann/ gan aon iarracht déanta |

| (b) I Sliocht B céard is cúis leis an timpiste idir an dá charbad? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | Aon achoimre/lua le cúig cinn de na pointí seo:<br>• Le muinín, buaileann carbad amháin (Durius), agus é ag iarraidh a chéile comhraic (Atlas) a bhacadh, an carbad eile agus thiontaigh sé bunoscionn é. |
| 1 mharc | Aon achoimre/lua le trí cinn ar a laghad de na pointí seo: |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta |

| (c) I Sliocht B cén fhreagairt atá ag an tiománaí Atlas ar an tuairt? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | Aon achoimre/lua le gach cúig cinn de na pointí seo |

| | |
|---|---|
| | • Deir sé (le Durius) "Cá bhfuil tú ag brostú**?** Nó cén sórt rásaíochta craiceáilte é seo? Tá tú ag iarraidh mise agus mo chapaill a mharú in éineacht."<br>**NÓ**<br>Anailís (m.sh. tagann fearg air) agus trí cinn ar bith de na pointí |
| 1 mharc | **Dhá** cheann de na pointí thuas ar a laghad **nó** anailís |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta |

| (d) In íomhá C an dóigh leat go mbeadh an tiománaí atá á léiriú cosanta go maith dá dtarlódh timpiste? Mínigh do fhreagra. **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | • Tugtar freagra soiléir - is dóigh, ní dóigh<br>• Tugtar **dhá** chúis ar a laghad ag tagairt d'fhianaise ón íomhá<br>**Nó**<br>• tugtar **dhá** phíosa fianaise ar a laghad ó réamheolas<br>**Nó**<br>• Tugtar comhcheangal d'fhianaise ón íomhá agus réamheolas |
| 1 mharc | • Tugtar freagra soiléir - is dóigh, ní dóigh<br>• Tugann sé cúis **amháin** ar a laghad ón íomhá **nó** ón réamheolas |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta / gan aon mhíniú tugtha |

| (e) In íomhá D léirítear an Circus Maximus, an raon rásaíochta carbad ba mhó sa Róimh. Cén úsáid a bhaintí as an réimse a bhfuil an tsaighead dhearg dírithe air, dar leat? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | • Sainaitheanta go cuí: Láthair suíochán / suíocháin duine den lucht féachana |
| 0 marc | Sainaithint mhícheart / Gan aon iarracht déanta |

**Ceist 6: 40 marc.**

Ní mór d'iarrthóirí sampla ábhartha a roghnú. Bronnfar marcanna ar scála aistritheach ag brath ar cé chomh cuimsitheach agus atá an freagra. D'fhéadfadh na hiarrthóirí cur síos a dhéanamh ar aon chineál eachtra poiblí ón tSean-Ghréig nó ón tSean-Róimh (m.sh. cluichí Oilimpeacha, cluichí gliaireacha, féile reiligiúnach, léiriú amharclainne, mórshiúl an bhua.)

Sna freagraí is fearr seachnófar cur síos cineálach (m.sh. bhí an slua an-mhór agus bhain gach duine sult as), agus ina ionad sin cuirfear sonraí sonracha ar fáil faoin eachtra, a suíomh, agus eispéireas an lucht freastail/féachana. Cuirfear roinnt pointí atá forbartha i láthair sna freagraí is fearr in insint chomhleanúnach a thaispeánann mioneolas agus/nó fairsinge eolais a bhaineann leis an eachtra roghnaithe.

# Scéim Marcála: Na Clasaicaí - Sraith Shóisearach 2022

Ábhar Táscach

- Cuspóir na heachtra, a tábhacht sa tsochaí
- An suíomh, láthair, minicíocht/am den bhliain
- An cineál ionaid, a ghnéithe
- Cur síos ar na rannphháirtithe
- Cur síos ar ghníomhaíocht na heachtra
- Cur síos ar an lucht freastail/daoine den lucht féachana
- Cineál na nduaiseanna/gradam (más ábhartha)
- Tagairt d'ábhar bunfhoinse ábhartha (e.g. Amfaraí le duais Panathenaic, dealbha Oilimpeacha, amfaitéatar, amharclanna, teampaill, áirsí an bhua, téacsanna scríofa.)

| Scríobh cuntas ar conas mar a bheadh sé freastal ar eachtra poiblí (seachas rás carbaid) sa saol Gréagach arsa nó an saol Rómhánach arsa. **Ex. 40** | |
|---|---|
| 31-40 marc | • Sainaithnítear an t-imeacht go soiléir<br>• Aimsítear i gceart é in ionad sa Ghréig/Róimh<br>• Cur síos an-mhionsonraithe ar fhreastal ar an eachtra<br>• Seachnaítear sonra cineálach agus soláthraítear sonra a bhaineann go sonrach leis an imeacht ar leith atá roghnaithe acu.<br>• Áirítear leis **cúig** phointe <u>forbartha</u> ar a laghad |
| 21-30 marc | • Sainaithnítear an eachtra go soiléir<br>• Aimsítear i gceart é in ionad **nó** sa Ghréig/Róimh<br>• Cur síos mionsonraithe/ pléitear an smaoineamh ar fhreastal ar an eachtra<br>• Seachnaítear sonra cineálach agus soláthraítear sonra a bhaineann go sonrach leis an eachtra ar leith atá roghnaithe acu.<br>• Tá **cúig** phointe ar a laghad ann atá cruinn ó thaobh fíricí de nó **trí** phointe <u>forbartha</u> |
| 11-20 marc | • Sainaithnítear an eachtra go soiléir<br>• Aimsítear i gceart é in ionad **nó** sa Ghréig/Róimh<br>• Déantar tagairt éigin d'eispéireas faoi fhreastal ar an eachtra<br>• Soláthraítear sonra a bhaineann go sonrach leis an eachtra ar leith atá roghnaithe acu, ach tá roinnt sonraí ginearálta ann.<br>• Tá **trí** phointe ar a laghad ann atá cruinn ó thaobh fíricí de |
| 0-10 marc | • Sainaithnítear an t-imeacht atá á roghnú go soiléir<br>• Braitear den chuid is mó ar ráitis ghinearálta, ach soláthraítear roinnt sonraí a bhaineann go sonrach leis an eachtra ar leith atá roghnaithe acu.<br>• Tá **dhá** phointe ar a laghad ann atá cruinn ó thaobh fíricí de |

**Ceist 7: 6 mharc (2x3).** Trí mharc in aghaidh na ceiste.

In íomhá A léirítear *thermopolium* (teach tábhairne beag/bialann) a tochlaíodh le déanaí in Poimpéas. In íomhá B tá atógáil ealaíontóra de bhialann bheag cosúil leis. Úsáid an dá íomhá le cabhrú leat na ceisteanna a fhreagairt.

| (a) Cén fáth a gceapann tú go léirítear éin ar nós lachan agus sicíní sna pictiúir ar chuntar an bheáir in íomhá A? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | • Freagra a nascann na pictiúir le feidhm an spáis agus é ina *thermopolium* / bialann phoiblí<br>(m.sh. riartaí feoil sicín agus lachan ann/ ba mhaisiúchán taitneamhach é/ ainmhithe áitiúla a thaispeáint / d'itheadh siad iad.) |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta / ní bhaineann an freagra le feidhm an spáis. |

| (b) Cén fheidhm a bhíodh leis na poill i gcuntar an bheáir, dar leat? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | • Freagra ina bpléitear an úsáid a bhaintí astu b'fhéidir<br>• Tagairt do mhionsonra **amháin** ar a laghad ó **cheachtar** ceann den dá íomhá<br>**Nó** réamheolas/comparáid nua-aimseartha ábhartha luaite ann |
| 1 mharc | • Freagra ina bpléitear an úsáid a bhaintí astu b'fhéidir (m.sh. 'le haghaidh bia/stórála'). |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta |

**Ceist 8: 15 mharc.**

| (a) Cén cineál saoil a bhí ag na sclábhaithe a gcuirtear síos orthu sa sliocht? **Ex. 3** | |
|---|---|
| 3 mharc | • Tuiscint go raibh an saol go dona<br>• Aon achoimre nó lua ina n-áirítear trí cinn de na pointí seo ar a laghad:<br>○ 'ídíonn siad a gcoirp de lá is d'oíche,'<br>○ 'ag tochailt faoin talamh'<br>○ faigheann 'líon mór acu bás i ngeall ar na cruatain iomadúla a fhulaingíonn siad'<br>○ 'iad faoi bhuillí na maoirseoirí tá orthu déine a gcruacháis a sheasamh'. |
| 1 mharc | • Mhíniú faoin bhfáth a raibh an saol go dona<br>**Nó** achoimre nó lua ar dhá cheann de na pointí thuas: |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta |

| (b) An gcaití le gach sclábhaí sa domhan ársa mar a caitheadh leis na sclábhaithe mianadóireachta sa sliocht? Mínigh do fhreagra. **Ex. 12** | |
|---|---|
| 12 mharc | • Léirítear tuiscint shoiléir go raibh éagsúlacht mhór sa dóigh a gcaití le sclábhaithe |

| | |
|---|---|
| | • Tacaítear leis an tuairim le **dhá** shampla ar a laghad den dóigh a gcaití leo<br>• Déantar tagairtí do **dhá** chineál eile sclábhaí ar a laghad (m.sh. sclábhaithe tí, *paedagogus*, nó na héalótaí in Sparta) |
| 8 marc | • Léirítear tuiscint shoiléir go raibh éagsúlacht mhór sa dóigh a gcaití le sclábhaithe<br>• Tacaítear leis an tuairim le sampla **amháin** ar a laghad den dóigh a gcaití leo<br>• Déantar tagairt do chineál sclábhaí **amháin** eile ar a laghad |
| 5 mharc | • Níl an tuairim sonraithe go soiléir ach pléitear an cheist go méid áirithe<br>• Tugtar sampla **amháin** den dóigh a gcaití le cineál sclábhaí **amháin** eile ar a laghad |
| 3 mharc | • Tugtar sampla **amháin** den dóigh a gcaití le cineál **amháin** eile sclábhaí le mion-dearmaid<br>**Nó** Luaitear go hachomair cineál sclábhaí **amháin** eile / pointe fíorasach amháin eile a bhaineann leis an sclábhaíocht |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta / gan aon mhíniú |

# Scéim Marcála: Na Clasaicaí - Sraith Shóisearach 2022

## Roinn B: Domhan Aichill, an Róimh (180 Marc)

**Ceist 9: 24 marc (4 x 6).** Bronn sé mharc as gach meaitseáil cheart.

Cur síos: Duine de na Myrmidons agus an dlúthchara is mó atá ag Aichill. Eachtar a mháraigh é.
Ainm an charachtair: **Patroclus**

Cur síos: Banríon na Traí. Máthair Eachtair agus bean chéile Priam is ea í.
Ainm an charachtair: **Hecabe**

Cur síos: Nimfeach mhara is ea í agus máthair Aichill.
Ainm an charachtair: **Thetis**

Cur síos: Rí Mhicéiné agus ceannaire na nGréagach. Is deartháir é le Meinealás.
Ainm an charachtair: **Agaiméamnón**

- Ná glac le haon iarracht freagra eile a thabhairt.
- Nuair a thugtar an freagra céanna arís, glac leis an leagan ceart m.sh.

**Ceist 10: 33 marc**

| (a) Ón staidéar atá déanta agat ar an Íliad an gcuireann sé iontas ort gur théaltaigh Priam isteach i gcampa na nGréagach le casadh ar Aichill? Mínigh do fhreagra. **(Ex. 8)** | |
|---|---|
| 8 marc | • Ráiteas soiléire tuairime **nó** cuireann/ní chuireann<br>• Ráiteas atá tacaithe <u>go láidir</u> ag aon chúis bhailí ón téacs<br>    o (m.sh. ní chuireann, toisc go raibh sé baothdhána corp a mhic a fháil ar ais; chuir, toisc go raibh sé an-dainséarach trasnú isteach i gcampa na naimhde.)<br>• Léirítear tuiscint ar charachtar **amháin** ar a laghad<br>**Nó** Léirítear eolas ar an mbaint atá ag an radharc le scéal an *Íliad*/Cogadh na Traí |
| 5 mharc | • Ráiteas intuigthe amháin ar a laghad<br>• Ráiteas atá tacaithe beagáinín ag aon chúis bhailí ón téacs<br>• Léirítear tuiscint ar charachtar **amháin** ar a laghad<br>**Nó** Léirítear eolas ar an mbaint atá ag an radharc le scéal an *Íliad*/Cogadh na Traí |
| 3 mharc | • Ráiteas intuigthe amháin ar a laghad<br>• Léirítear tuiscint ar charachtar **amháin** ar a laghad<br>**Nó** Léirítear eolas ar an mbaint atá ag an radharc le scéal an *Íliad*/Cogadh na Traí |
| 0 marc | • Gan aon iarracht déanta / gan aon mhíniú |

| (b) Céard a theastaíonn ó Priam a fháil ó Aichill? **Ex. 5** |
|---|

| | |
|---|---|
| 5 mharc | • Corp Eachtair/a mhic |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta/mícheart |

| (c) An meaitseálann íomhá A an tuairisc a thugtar sa sliocht? Mínigh do fhreagra. **Ex. 5** | |
|---|---|
| 5 mharc | • Tuairim shoiléir faoi an bhfuil siad ag meaitseáil<br>• Tagairt d'eolas sa sliocht agus san íomhá **araon.**<br>• Sainaithnítear Priam **nó** Aichill le mionsonraí ón íomhá (m.sh. tá Priam ar a ghlúine sa lár)<br>• **Dhá** nasc mhionsonraithe ar a laghad idir an íomhá agus an sliocht<br>  ○ (m.sh. pógann Priam lámh Aichill, is cosúil go bhfuil sé ag impí air) |
| 3 mharc | • Tuairim shoiléir faoi an bhfuil siad ag meaitseáil<br>• Tagairt d'eolas sa sliocht **nó** san íomhá.<br>• Sainaithnítear Priam **nó** Aichill<br>• Nasc bailí **amháin** ar a laghad idir an íomhá agus an sliocht |
| 0 marc | Gan aon iarracht déanta/ gan aon mhíniú |

